An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**EUCO 21/22**

**CO EUR 19**
**CONCL 4**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (30 agus 31 Bealtaine 2022) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

# I. AN ÚCRÁIN

1. Tá cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine cáinte go daingean ag an gComhairle Eorpach agus cáineann sí i gcónaí é. Tá an Chomhairle Eorpach ag tathant ar an Rúis stop a chur láithreach lena hionsaithe neamh-idirdhealaitheacha ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach, agus a trúpaí agus a trealamh míleata uile a tharraingt siar, láithreach gan choinníoll, ó chríoch iomlán na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Is thar insint iad na hainghníomhartha atá á ndéanamh ag fórsaí na Rúise agus an fhulaingt agus an scrios atá ann dá mbarr. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Rúis rochtain láithreach dhaonnúil a cheadú chomh maith le gluaiseacht shábháilte na sibhialtach uile lena mbaineann. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil go n-urramófar an dlí daonnúil idirnáisiúnta go huile agus go hiomlán, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Ginéive maidir le déileáil le príosúnaigh chogaidh. Iarrann sí freisin ar an Rúis cead a thabhairt do na hÚcránaigh a tugadh go héigeantach chun na Rúise filleadh go sábháilte ar a dtír.

2. Molann an Chomhairle Eorpach muintir na hÚcráine agus ceannaireacht na muintire sin as a misneach agus as a ndiongbháilteacht agus iad ag troid chun ceannasacht, iomláine chríochach agus saoirse a dtíre a chosaint. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach cabhrú leis an Úcráin a ceart bunúsach féinchosanta a fheidhmiú i gcoinne fhogha na Rúise agus todhchaí shíochánta dhaonlathach rathúil a fhorbairt. I ndáil leis an méid sin, leanfaidh sé de bheith ag obair i ndlúthchomhar lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta.

*Ceartas idirnáisiúnta*

3. Molann an Chomhairle Eorpach iad siúd uile atá ag cabhrú chun fianaise a bhailiú agus chun coireanna cogaidh agus na coireanna eile is tromchúisí a imscrúdú agus tacaíonn sí leis an obair mhór atá ar bun ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta ina leith sin. Molann sí freisin an obair atá á déanamh ag Ard-Ionchúisitheoir na hÚcráine, obair a bhfuil tacaíocht airgeadais agus tacaíocht fothaithe acmhainneachta á tabhairt di ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit. Is díol sásaimh di bunú na Foirne Comhpháirtí Imscrúdaithe arna comhordú ag Eurojust, ar treisíodh a ról, agus an tacaíocht oibríochtúil leanúnach ó Europol. Tabharfar chun cuntais an Rúis, an Bhealarúis agus iad siúd go léir atá freagrach as a bhfuil déanta acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

*Smachtbhannaí*

4. Tá an Chomhairle Eorpach tiomanta géarú ar an mbrú atá á chur ar an Rúis agus an mBealarúis ionas go ndéanfar an cogadh atá á fhearadh ag an Rúis ar an Úcráin a chur ó mhaith. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar gach tír í féin a ailíniú le smachtbhannaí an Aontais. Ní mór stop a chur le haon iarrachtaí a dhéanfar teacht timpeall ar na smachtbhannaí nó teacht i gcabhair ar an Rúis ar aon bhealach eile.

5. Aontaíonn an Chomhairle Eorpach go gcumhdófar amhola, chomh maith le táirgí peitriliam, a sheachadtar ón Rúis isteach sna Ballstáit, leis an séú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise, ach go mbeidh eisceacht shealadach ann don amhola a sheachadtar trí phíblíne.

6. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle bailchríoch a chur ar an bpacáiste agus é a ghlacadh gan mhoill, lena n-áiritheofaí Margadh Aonair dea-fheidhmiúil an Aontais, iomaíocht chóir, dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus cothrom na Féinne freisin maidir le deireadh a chur de réir a chéile lenár spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis. I gcás ina ngearrfar an soláthar go tobann, tabharfar isteach bearta éigeandála chun slándáil an tsoláthair a áirithiú. I ndáil leis an méid sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán agus tuairisceoidh sé go rialta don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na mbeart sin chun cothrom na Féinne a áirithiú ar Mhargadh Aonair an Aontais agus i dtaca le slándáil an tsoláthair.

7. Fillfidh an Chomhairle Eorpach, a luaithe is féidir, ar shaincheist na heisceachta sealadaí don amhola a sheachadtar trí phíblíne.

*Tacaíocht dhaonnúil agus airgeadais*

8. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt don Úcráin d’fhonn aghaidh a thabhairt ar na riachtanais dhaonnúla, leachtachta agus atógála.

9. Ó thosaigh fogha na Rúise, tá dlús curtha ag an Aontas Eorpach lena thacaíocht d’athléimneacht fhoriomlán eacnamaíoch, shóisialta agus airgeadais na hÚcráine, lena n-áirítear trí chabhair dhaonnúil a chur ar fáil. I ndáil leis sin, molann an Chomhairle Eorpach torthaí na Comhdhála Ardleibhéil Idirnáisiúnta Deontóirí, arna comh-óstáil ag an bPolainn agus ag an tSualainn.

10. Tá cosaint tugtha ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit do na milliúin dídeanaithe atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin, agus tá rún daingean acu i gcónaí fáilte a chur roimh na dídeanaithe sin agus áit shábháilte a chur ar fáil dóibh, lena n-áirítear trí chúnamh a thabhairt do thíortha comharsanacha. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tionscnaimh nua a chur i láthair chun tacú leis an iarracht sin laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil.

11. Leanfaidh an tAontas Eorpach, i gcomhar le comhpháirtithe G7, de thacaíocht a thabhairt do rialtas na hÚcráine i ndáil leis na géar-riachtanais leachtachta atá aici. Aithníonn sé an tacaíocht a fógraíodh i gcomhthéacs G7. Tá an tAontas Eorpach faoi réir le suas le EUR 9 mbilliún de chúnamh eisceachtúil macrairgeadais nua a thabhairt don Úcráin in 2022. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go scrúdófaí an togra ón gCoimisiún a luaithe a thíolacfar é.

12. Beidh gá le tacaíocht chuimsitheach chun an Úcráin a atógáil don todhchaí. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit réidh chun ról tábhachtach a imirt i ndáil leis sin. Dá bhrí sin, ba cheart féachaint an bhféadfaí ardán atógála don Úcráin a bhunú. Le hardán mar sin, ba cheart rialtas na hÚcráine, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, an Banc Eorpach Infheistíochta chomh maith le comhpháirtithe idirnáisiúnta, institiúidí maoiniúcháin, eagraíochtaí, saineolaithe agus páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile. Beidh tacaíocht an Aontais don atógáil nasctha le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na mbeart frith-éillithe, ar comhréir leis an gconair Eorpach ar a bhfuil an Úcráin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tograí a chur ar aghaidh ar an mbonn sin.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit foráil do bhearta iomchuí coigistíochta ina ndlí náisiúnta agus iarrann sí ar an gComhairle an togra a tháinig ón gCoimisiún le déanaí maidir le bearta dlí choiriúil i gcás sárú smachtbhannaí an Aontais (a scrúdú go pras). Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuiltear ag féachaint go gníomhach ar roghanna eile a bheadh ag teacht le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear roghanna arb aidhm dóibh sócmhainní reoite na Rúise a úsáid chun tacú le hatógáil na hÚcráine.

*Tacaíocht mhíleata*

14. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta i gcónaí leanúint de chur le cumas na hÚcráine a hiomláine chríochach agus a ceannasacht a chosaint. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach, más ea, gur glacadh an cinneadh a tháinig ón gComhairle le déanaí an tacaíocht mhíleata don Úcráin a mhéadú faoin tSaoráid Eorpach Síochána.

*Tacaíocht eacnamaíoch*

15. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go nglacfar an cinneadh maidir le dleachtanna allmhairiúcháin a fhionraí ar onnmhairí uile na hÚcráine chuig an Aontas Eorpach go ceann bliana.

*Tacaíocht pholaitiúil*

16. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil tuairimí an Choimisiúin maidir leis na hiarratais ón Úcráin, agus ó Phoblacht na Moldóive agus ón tSeoirsia, ar bhallraíocht san Aontas á n-ullmhú agus fillfidh sí ar an ábhar sin ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh.

17. Cuirfidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dlús leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu dul i gcion ar thríú tíortha chun tacú leis an Úcráin sna gnéithe sin uile, chun cur i gcoinne insint bhréagach na Rúise agus an ionramháil atá á déanamh aici ar fhaisnéis, agus chun nach mbeifí in ann na smachtbhannaí a sheachaint nó teacht timpeall orthu.

*Tionchar ar thíortha comharsanacha*

18. Tá súil ghéar á coinneáil ag an gComhairle Eorpach ar an tionchar atá ag cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar thíortha comharsanacha agus ar na Balcáin Thiar. Cuireann sí i dtábhacht gur gá an tacaíocht ábhartha uile a chur ar fáil do Phoblacht na Moldóive agus í ag déileáil leis na géarchéimeanna idirnasctha fuinnimh agus eacnamaíocha, agus leis an mbrú imirce a eascraíonn as an gcogadh. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go gcuirfí deireadh leis an gcos ar bolg sa Bhealarúis agus meabhraíonn sí ceart daonlathach mhuintir na Bealarúise chun toghcháin nua, shaora, chóra.

## II. SLÁNDÁIL BIA

19. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar an scrios agus an leithghabháil neamhdhleathach atá á ndéanamh ag an Rúis ar tháirgeacht talmhaíochta san Úcráin. Tá tionchar díreach ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar shlándáil an tsoláthair bia agus ar inacmhainneacht bia ar fud an domhain. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Rúis deireadh a chur leis na hionsaithe atá á ndéanamh aici ar an mbonneagar iompair san Úcráin, deireadh a chur le himshuí chalafoirt Mhuir Dhubh na hÚcráine agus onnmhairiú bia a cheadú, go háirithe ó Odesa. Tá bearta gníomhacha á ndéanamh ag an Aontas Eorpach chun onnmhairiú torthaí talmhaíochta ón Úcráin a éascú agus chun tacú le hearnáil talmhaíochta na hÚcráine i bhfianaise shéasúr na bliana 2022. I dtaca leis sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit dlús a chur leis an obair maidir leis na Lánaí Dlúthpháirtíochta a chuir an Coimisiún chun cinn, agus onnmhairithe bia ón Úcráin a éascú trí bhealaí éagsúla talún agus trí chalafoirt éagsúla an Aontais.

20. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí comhordú idirnáisiúnta éifeachtach le háirithiú go dtabharfar freagairt chuimsitheach dhomhanda ar fhadhb na slándála bia. I ndáil leis sin, is díol sásaimh di an Misean Athléimneachta Bia agus Talmhaíochta - bunaithe ar na trí cholún: trádáil, dlúthpháirtíocht agus táirgeadh - arb é is aidhm dó na hiarmhairtí a mhaolú i dtéarmaí praghsanna, táirgeadh, rochtain agus soláthar gráin. Tacaíonn sí freisin le Grúpa Freagartha um Ghéarchéimeanna na Náisiún Aontaithe, leis an tionscnamh atá le cur ar aghaidh ag an ngrúpa G7 lena mbunófar Comhaontas Domhanda don tSlándáil Bia agus gníomhaíochtaí agus tionscnaimh eile de chuid an Aontais, mar aon le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh iltaobhacha eile. Athdhearbhaíonn sí a thiomanta atá sí do thrádáil dhomhanda na dtráchtearraí bia a choinneáil saor ó bhacainní trádála nach bhfuil údar leo, an dlúthpháirtíocht a fheabhsú leis na tíortha is leochailí agus táirgeadh áitiúil inbhuanaithe bia a mhéadú chun spleáchais struchtúracha a laghdú. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí cúlchistí ón gCiste Eorpach Forbraíochta a shlógadh chun tacú leis na tíortha comhpháirtíochta is mó atá buailte. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach tiomantas agus tacaíocht a chomhpháirtithe agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta.

21. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) ó thaobh rannchuidiú an Aontais leis an tslándáil bia agus iarrann sí go nglacfaí gan mhoill na Pleananna Straitéiseacha CBT.

22. I bhfianaise an ghanntanais leanúnaigh leasacháin sa mhargadh domhanda, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí níos comhbheartaithe chun oibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta ar mhaithe le húsáid níos éifeachtúla leasachán, agus roghanna malartacha orthu, a chur chun cinn.

## III. <u>SLÁNDÁIL AGUS COSAINT</u>

23. Tá athrú mór tagtha ar thimpeallacht straitéiseach an Aontais Eorpaigh mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus é léirithe gur gá don Aontas Eorpach a bheith níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta. Sa chomhthéacs nua sin, agus Dearbhú Versailles agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Márta 2022 á meabhrú dó, déanfaidh an tAontas Eorpach an Compás Straitéiseach a chur chun feidhme go daingean, a chuid comhpháirtíochtaí a atreisiú, a chuid athléimneachta a fheabhsú agus a chumas slándála agus cosanta a mhéadú trí infheistíochtaí breise agus níos fearr a dhéanamh, lena ndíreofar ar easnaimh straitéiseacha shainaitheanta. Agus lánurraim á tabhairt do na prionsabail a leagtar amach sna Conarthaí agus iad siúd a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, lena n-áirítear prionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta agus uathriail chinnteoireachta an Aontais, is den ríthábhacht dár slándáil fhoriomlán an caidreamh trasatlantach agus an comhar idir an tAontas Eorpach agus ECAT. Ach an tAontas Eorpach a bheith níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é bunchloch na cosanta comhchoitinne ag a chomhaltaí i gcónaí é. Léirítear an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit in Airteagal 42(7) CAE. Ar bhonn níos leithne, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé ar intinn aige a thacaíocht a threisiú leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár.

24. I bhfianaise na hanailíse ar bhearnaí san infheistíocht i réimse na cosanta arna hullmhú ag an gCoimisiún agus ag an Ardionadaí i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, agus i bhfianaise na moltaí éagsúla a cuireadh ar aghaidh chun bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa a neartú, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí faoi seach a thugtar leis na Conarthaí, féachaint an bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) mar ábhar práinne, bearta a dhéanamh lena gcomhordófaí riachtanais soláthair cosanta an-ghearrthéarmach chun tacú le soláthar comhpháirteach ar mhaithe le stoic a athshlánú, go háirithe i bhfianaise na tacaíochta a thugtar don Úcráin, chomh maith le huirlis ghearrthéarmach a bhunú chun cumais thionsclaíocha cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhpháirteach ar bhonn deonach;

b) acmhainneacht clársceidealaithe straitéisigh, soláthair agus comhordaithe de chuid an Aontais a fhorbairt i réimse na cosanta, i gcomhlántacht le ECAT;

c) bearta breise a dhéanamh chun na cumais mhonaraíochta atá ann faoi láthair agus na cinn bhreise a bhfuil gá leo a mhapáil, agus chun acmhainneacht agus athléimneacht na teicneolaíochta cosanta agus na hearnála tionsclaíche Eorpaí a atreisiú, lena n-áirítear FBManna;

d) tionscadail bonneagair soghluaisteachta míleata a chur chun feidhme go pras;

e) ról feabhsaithe a bheith ag an mBanc Eorpach Infheistíochta chun tacú le slándáil agus cosaint na hEorpa, i gcomhréir leis an Tionscnamh Straitéiseach um Shlándáil na hEorpa a d'eisigh sé le déanaí.

25. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil go mbeifear in ann Clár Comhpháirteach Eorpach Infheistíochta um Chosaint a fhógairt, lena n-áirítear ag féachaint ar ionstraim le haghaidh díolúine ón gCáin Bhreisluacha agus le haghaidh tionscadail cosanta Eorpacha ar ard an leas coiteann a bhaineann leo.

26. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar sin arís ag cruinniú a bheidh aici amach anseo.

## IV. FUINNEAMH

27. Á mheabhrú di Dearbhú Versailles agus a conclúidí an 21-22 Deireadh Fómhair 2021 agus an 24-25 Márta 2022, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis na héagsúlachtaí i dtaca le meascáin fuinnimh, dálaí agus imthosca náisiúnta, rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le deireadh a chur, a luaithe is féidir, le spleáchas an Aontais Eorpaigh ar allmhairí gáis, ola agus guail ón Rúis. I bhfianaise na gcinntí a rinneadh roimhe seo maidir le toirmisc ar allmhairí ón Rúis agus i bhfianaise Phlean REPowerEU chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú go tapa agus chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh, chun córas fuinnimh níos athléimní agus Aontas Fuinnimh a mbeadh scoth na n-idirnasc aige, iarrann sí an méid a leanas:

    a) go ndéanfaí, mar thosaíocht ghearrthéarmach, foinsí agus bealaí soláthair a éagsúlú a thuilleadh agus soláthar fuinnimh ar phraghsanna inacmhainne a áirithiú;

        - Molann an Chomhairle Eorpach go n-úsáidfí gan mhoill, roimh an ngeimhreadh seo chugainn, Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh, ardán atá ar oscailt freisin do na Balcáin Thiar agus do thrí Chomhpháirtí comhlachaithe an Oirthir.

        - Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún féachaint freisin, i dteannta ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, ar bhealaí chun srian a chur leis an ardú ar phraghsanna fuinnimh, lena n-áirítear a indéanta a bheadh sé uasteorainneacha sealadacha ar phraghsanna allmhairíochta a thabhairt isteach i gcás inarb iomchuí.

        - Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle leanúint den obair ar Straitéis Rannpháirtíochta Fuinnimh Sheachtraigh an Aontais.

        - Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire a thábhachtaí atá foinsí fuinnimh dúchasacha do shlándáil an tsoláthair.

b) go gcuirfí dlús le húsáid foinsí inathnuaite fuinnimh;

- Chun tús luath a chur le húsáid foinsí inathnuaite fuinnimh, ní mór luas a chur láithreach faoi nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh inathnuaite, agus braisle thionsclaíoch a leagan síos mar bhonn dó sin, lena bhféachfaí le feabhas a chur ar an nuálaíocht, an acmhainneacht, na scileanna agus na slabhraí soláthair le haghaidh fuinneamh gréine agus gaoithe, hidrigine, bithfhuinnimh, teaschaidéal agus amhábhar.

c) go ndéanfaí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú a thuilleadh, i gcás inar féidir, agus caomhnú fuinnimh a chur chun cinn, go suntasach agus saintréith oileánda Ballstát áirithe á cur san áireamh;

d) go dtabharfaí chun críche agus go gcuirfí feabhas ar idirnasc líonraí gáis agus leictreachais na hEorpa trí infheistiú i mbonneagar do thionscadail atá ann cheana agus tionscadail nua agus iad a thabhairt chun críche, lena n-áirítear GNL agus idirnaisc leictreachais agus gháis atá réidh don hidrigin agus a bheidh slán i bhfad na haimsire ar fud an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear Ballstáit oileánacha, agus in acmhainneacht táirgthe inathnuaite, lena n-áirítear, bunaithe ar anailís rialálaithe a dhéanfar gan mhoill agus sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, ag baint tairbhe as poitéinseal Leithinis na hIbéire cuidiú le slándáil soláthair an Aontais Eorpaigh.

28. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle na tograí ón gCoimisiún chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach a scrúdú go pras.

29. De mheon na dlúthpháirtíochta Eorpaí, ba cheart feabhas a chur ar an ullmhacht le haghaidh mórshuaitheadh soláthair a d’fhéadfadh teacht agus ar athléimneacht mhargadh gáis an Aontais, go háirithe trí theacht gan mhoill ar chomhaontú maidir le comhaontuithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta agus maidir le plean teagmhasach Eorpach comhordaithe, agus ba cheart, leis sin, a áirithiú go maolófaí suaitheadh mór ar an soláthar. Ba cheart tús a chur gan mhoill le líonadh na stóras fuinnimh roimh an ngeimhreadh seo chugainn. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú maidir le stóráil gáis agus iarrann sí go gcuirfear chun feidhme go pras é.

30. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire tuarascáil ACER agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint gan mhoill den obair ar fheidhmiú mhargadh leictreachais na hEorpa a bharrfheabhsú - lena n-áirítear éifeacht na bpraghsanna gáis ar an margadh - ionas go mbeidh an margadh sin níos ullmhaithe chun ró-luaineacht praghsanna a sheasamh amach anseo, go gcuirfear praghsanna inacmhainne ar fáil agus go mbeidh sé lánoiriúnach do chóras fuinnimh dícharbónaithe, agus, ag an am céanna, iomláine an Mhargaidh Aonair á caomhnú, dreasachtaí á gcoimeád don aistriú glas, slándáil an tsoláthair á caomhnú agus costais bhuiséadacha dhíréireacha á seachaint.